



Ireland's National Music Education Programme  
A Music Network initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds,  
The Department of Education and Skills  
and Local Music Education Partnerships

# Music Generation DAC Tuarascáil Bhliantúil 2019



<b>Réamhrá agus Cur i Láthair</b>	<b>1</b>
<b>1. Cé muid féin</b>	<b>3</b>
<b>2. Spriocanna Straitéiseacha</b>	<b>5</b>
<b>3. Tionchar</b>	<b>8</b>
<b>4. Rialachas</b>	<b>11</b>
<b>5. Comhpháirtithe Maoinithe</b>	<b>13</b>
<b>Aguisíní</b>	<b>14</b>

## Réamhrá

Tá an-bhród orm an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2019 a chur i láthair. Ba bhliain shuntasach í inar ndearna Music Generation an freastal a dhéantar ar leanaí agus ar dhaoine óga in Éirinn a leathnú chomh maith leis an tionchar a bhíonn orthu a mhéadú. Le 12 mhí anuas, tá cúig cheantar nua ag glacadh páirt sa chlár, á gcur ar an mbóthar ceart i dtreo ár sprice, é a thabhairt isteach ar fud na tíre faoi 2022, a bhaint amach.

Anois agus muid níos gaire den chloch mhíle mhór sin a bhaint amach ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár bpáirtithe dile: U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Music Network, an Chomhairle Ealaíon agus líonra de 25 Chomhpháirtí Oideachais Ceoil Áitiúla lena n-oibrímid. Is ríthábhachtach atá a gcuid tacaíochta agus dúthrachta ionas go mbíonn muid ábalta an sprioc choiteann atá againn a bhaint amach, is é sin, saol leanaí agus daoine óga a fheabhsú tríd an gceol.

Leis an tuarascáil seo tapaítear an deis le fáilte a chur roimh John Kelly agus Mel Mercier chuig an mBord chomh maith, agus is cinnte go gcuirfidh an t-eolas atá acu ar cheol agus ar oideachas ceoil go rímhór lenár gcuid oibre. Chomh maith leis sin ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Dr. Clíona Doris agus Bill Whelan, comhaltaí atá ag éirí as, a ghlac ról lárnach i bhfás straitéiseach agus i bhforbairt Music Generation ón tús.

Beidh sé deich mbliana in 2020 ó chur U2 a bhfís cheannródaíoch in iúl ar dtús, fíis a chinnteodh go mbeadh 'teacht ag cách, beag beann ar a gcuid cúinsí, ar theagasc an cheoil'. Tá an t-uafás dul chun cinn déanta againn i dtreo na huaimhíne misniúla sin a thabhairt chun fíre le deich mbliana anuas. Táimid anois ag tabhairt ár n-aghaidh ar an todhchaí, ag leanúint de bheith ag lorg bealaí nua agus nuálacha le go mbeifear in ann na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga tríd an gceol. Agus an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach ag cur sodar fúinn, táimid ag súil go mór le bheith ag obair lenár bpáirtithe ar fad chun an méid breise is féidir a bhaint amach le chéile sa bhliain amach romhainn a fháil amach.

## Leo Blennerhassett, Cathaoirleach

### Cur i Láthair

Tá Music Generation á threorú ag rún soiléir ó bunaíodh é in 2010: teacht uilíoch ar theagasc ceoil a chur ar fáil do gach páiste agus duine óg gan bheann ar chúinsí saoil. Tá muid níos gaire anois in 2019 ná mar a bhí riamh an fhís sin a thabhairt chun fíre, á bhuíochas sin d'obair thiomanta comhpháirtíochta ár ndeontóirí, maoinitheoirí agus comhpháirtithe áitiúla.

Tugadh cúig Oifigeach Forbartha Ceoil (MCONna) ar bord le bliain anuas chun an fhorbairt ar chlár Music Generation a threorú. Cothóidh siad chomhpháirtíochtaí láidre ina gcuid ceantar áitiúil ag baint leas as an díocas agus an dúthracht atá ina bpobail áitiúla deis a thabhairt do go leor 'glúnta ceoil' eile páirt a bheith acu i saol an cheoil.

Chuireamar am i leataobh in 2019 chun díriú ar chomhpháirtíocht, agus an tábhacht bhunúsach a bhaineann leis maidir lenár gcuid oibre a fhorbairt agus a chothú don tréimhse amach romhainn. D'fhoilsigh muid Treoirínite do Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla cothrom le dáta agus rinne muid Fóram Líonraithe agus Comhroinnte Eolais náisiúnta a óstáil chun páirtithe ó ar fud éiceachóras Music Generation a thabhairt le chéile agus foghlaim uathu, iad ar fad ag déanamh go leor le súil is go mbeifear in ann torthaí bunathraitheacha a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga.

Sheolamar straitéis nua maidir le cáilíocht, mar aon le creat trína gcuirfear i bhfeidhm í. Táimid anois ag díriú go mór ar chultúr ina ndéantar feabhas leanúnach a chothú, barr feabhais a chur ar ár gcleachtadh agus ar thaithí na leanaí agus daoine óga agus muid á dhéanamh sin i mbun chomhoibrithe le líonraí MDOanna agus ár bhfoireann de theagascóirí oilte ceoil. Go deimhin, is léiriú dár ndúthracht maidir le cáilíocht iad an réimse agus an scóip de dheiseanna atá ann dár gceoltóirí óga i rith na bliana. Tá léargas den ghníomhaíocht curtha againn leis an tuarascáil seo.

I dtreo dheireadh na bliana 2019 ghlac Music Generation ballraíocht sa Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, agus tugadh cuireadh dó dul i mbun ceoil ag ócáid shuaitheanta 'Child Talks' Oifig an Ombudsman do Leanaí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Dearbhaíonn ár rannpháirtíocht leis na heagraíochtaí seo a díríonn ar leanaí agus ar ógánaigh go gcreidimid go lárnach go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh agus ag gach duine óg rogha rochtana a bheith acu mar aon leis an deis chun bheith páirteach mar shaoránach ceolmhar. Táimid ag tabhairt aghaidh ar 2020 le tuiscint nua againn maidir lenár n-aidhm agus maidir le soiléireacht, agus a fhios againn go mbeidh ár gcuspóirí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí ár gcomhpháirtithe ar fad ag teacht leis an bprionsabal riachtanach sin.

**Rosaleen Molloy, Stiúrthóir Náisiúnta**

## 1. Cé muid féin

Is é Music Generation an Clár Náisiúnta maidir le hOideachas Ceoil in Éirinn a chuireann athrú ó bhonn ar shaol leanaí agus dhaoine óga trí dheis a thabhairt dóibh, ina gceantar féin, ar oideachas ardchaighdeán i seinm an cheoil. Chuir Music Network tús le Music Generation agus déanann U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla cómhaoiniú air.

### Fís

‘Tá an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach an-simplí i ndáiríre. Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh teacht ag cách, beag beann ar a gcuid cúinsí, ar theagasc an cheoil. Is é sin an smaoineamh atá taobh thiar de.’ (Bono/U2)

*Plean Straitéiseach Music Generation, 2016 – 2021*

### Misean

Athrú a chur ar shaol leanaí agus daoine óga trí rochtain ar oideachas ardchaighdeán i seinm an cheoil, iad a chumasú lena gcruathaitheacht a fhorbairt, lena lán-acmhainneacht a bhaint amach, agus cur lena bhforbairt phearsanta, laistigh de phobal bríomhar ceoil.

*Plean Straitéiseach Music Generation, 2016 – 2021*

### An Bord

Bunaíodh Music Generation DAC mar fhochuideachta de Music Network CLG, agus tá Music Generation á rialú ag deich gcomhalta atá ar an mBord Stiúrtha.

Comhaltaí Boird Music Generation in 2019:

- **Leo Blennerhassett** Cathaoirleach, Comhairleoir Bainistíochta agus Iar-Stiúrthóir Bainistíochta *Accenture Ireland*
- **Pat Burke** Iar-Ard-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus Cathaoirleach Choimisiún na Scrúduithe Stáit le gairid anuas
- **Anna Marie Delaney** Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí
- **An tOllamh Clíona Doris** (go dtí Meitheamh 2019) Léachtóir Sinsearach, Cathaoirleach MMus Chlár Léirithe, Ardscoil Ceoil agus Drámaíochta Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath
- **Martin Drury** Coimeádaí agus Comhairleoir Neamhspleách
- **John Kelly** (ó Dheiridh Fómhair 2019) Scríbhneoir, Craoltóir agus buaiteoirí ghradam SONY, EMA agus PPI
- **David Leahy** Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
- **Deirdre McCrea** Sainchomhairleoir ar na hEalaíona Neamhspleácha agus Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin de chuid Music Network
- **An tOllamh Mel Mercier** (ó Nollaig 2019) Cathaoirleach na dTaibhealaíon, Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol, Ollscoil Luimnigh
- **James Morris** Bunaitheoir Windmill Lane Studios, Windmill Lane, Pictures and the Mill, (Londain), ag obair faoi láthair le Windmill Lane chun Stiúideo Maisíochta Físe a bhunú i mBaile Átha Cliath
- **Chantal O’Sullivan** Ceannaí seandachtaí, comhalta de chuid Bhord Nua-Eabhrac de Chumann Seirseach na hÉireann, comhalta de chuid *The Ireland Funds* agus Teach na hÉireann Glucksman i Nua-Eabhrac
- **Bill Whelan** (go dtí Meitheamh 2019) Ceoltóir agus Cumadóir

## An Fhoireann

Foireann Oifig Náisiúnta Forbartha Music Generation in 2019:

- **Rosaleen Molloy**, An Stiúrthóir Náisiúnta
- **Eve O'Kelly** (go dtí Meitheamh 2019) Bainisteoir Tacaíochta agus Forbartha MEP
- **Paula Phelan** (ó Márta go dtí Meitheamh 2019) Bainisteoir Tacaíochta LMEP; (ó Meitheamh 2019) Ceann ar Cháilíocht, Tacaíocht agus Forbairt
- **Liz Powell** Bainisteoir Tacaíochta LMEP
- **Aoife Lucey** Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta
- **Amy Byrne** Oifigeach Cumarsáide agus Riaracháin
- **Cathriona Grange** Bainisteoir Oibríochtaí
- **Helen Grant** Bainisteoir Airgeadais

## Airgeadas

- B'ionann ioncam iomlán Music Generation le linn na bliana 2019 agus €5,179,301
- Fuarthas bunmhaoiniú €1,578,825 ón Ireland Funds agus fuarthas €3,485,000 ón Stáchtiste tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna
- Fuair Music Generation €111,492 chomh maith tríd an gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon
- Áiríodh ar ioncam eile a fuarthas (€3,984) taisce airgid agus maoiniú le tacaíocht a chur ar fáil do dheiseanna taibhithe ceoltóirí óga. Tá ráiteas airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí
- Clúdaíonn na cistí a leithdháiltear ar Music Generation costais eisíocaíochta cláir do Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla agus costais reatha na hOifige Náisiúnta Forbartha

## 2. Spriocanna Straitéiseacha

Tosaíocht Straitéiseach 1: FÁS		Gníomhaíochtaí maidir leis an bPlean Feidhmithe 2019
Spriocanna	Gníomhartha	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Leathnú chuig níos mó ceantar ar fud na tíre</li> <li>Cothú a dhéanamh ar fhás i dtéarmaí méid an tsoláthair leis na Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla atá ann cheana agus a bunaíodh i gCéim 1 agus 2</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhpháirtíochtaí Oideachais nua Ceoil Áitiúla (LMEPanna) a chómhaoiniú agus oibriú leo</li> <li>Treoir agus tacaíocht a thabhairt don mhéid a chuireann na LMEPanna atá ann cheana ar fáil chun cur le méid an tsoláthair agus iad ag díriú ar chur le hacmhainn chun: <ul style="list-style-type: none"> <li>Cothabháil agus athrú a dhéanamh ar éagsúlacht na hoibre i measc ceoltóirí ar fud scála an oideachais i seinm an cheoil</li> <li>Cothú a dhéanamh ar fhás, dul chun cinn agus neamhspleáchas ceoil leanaí/daoine óga ar fud ilchineálacht cláir, seánraí ceoil agus comhthéacs</li> <li>Leagan amach cláir fadama a fhorbairt a dhéanann cumasú ar chomhpháirtíocht ghníomhach idir ceoltóirí agus leanaí/daoine óga</li> </ul> </li> <li>Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh chun an comhoibriú a spreagadh idir LMEPanna Music Generation trí thionscadail réigiúnacha agus náisiúnta</li> <li>Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna foghlama agus líonraithe do raon comhpháirtithe atá rannpháirteach in éiceachóras comhpháirtíochta níos leithne Music Generation</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tús curtha le Céim Leathnaithe Náisiúnta: <ul style="list-style-type: none"> <li>Próiseas chun an clár a bhunú i 5 Cheantar nua LMEP (Ciarraí, Tiobraid Árann, Cill Dara, an Mhí, an Longfort)</li> <li>Próiseas ullmhachta le 4 Cheantar LMEP (Cathair Bhaile Átha Cliath, Contae Luimnigh, Contae Chorcaí, Fine Gall)</li> </ul> </li> <li>Trí fheidhm leanúnach acmhainní Tacaíochta agus Forbartha na hOifige Náisiúnta Forbartha: <ul style="list-style-type: none"> <li>Dlúththeangmháil coinnithe le seachadadh cláir</li> <li>Thug tacaíocht do LMEPanna maidir le forbairt leanúnach clár</li> <li>Thug tacaíocht do chur i bhfeidhm pleananna LMEP</li> <li>Foghlaim chomhroinnte idir LMEPanna</li> </ul> </li> <li>Tús curtha le 9 dtionscadal i gcomhar idir LMEPanna agus 6 tionscadal aonair LMEP agus tacaíocht curtha ar fáil dóibh in 2019 tríd an gCiste Cruthaitheachta agus Comhoibríthe</li> <li>Tionóladh an dara lá de Lá Náisiúnta na gCeoltóirí Music Generation</li> <li>Tionóladh Fóram Comhroinnte Eolais agus Líonraithe LMEP</li> </ul>

Tosaíocht Straitéiseach 2: INBHUANAITHEACHT		Gníomhaíochtaí maidir leis an bPlean Feidhmithe 2019
Spriocanna	Gníomhartha	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanadh, trí chomhpháirtíocht, le forbairt, neartú agus cothabháil a dhéanamh ar an mbonneagar don oideachas i seinm an cheoil</li> <li>Tacaíocht a thabhairt d'fhiúntas an oideachais i seinm an cheoil i saol leanaí/daoine óga trí rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhgheallsealb hóirí agus le spriocdhreamanna</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oibriú le Ranna Rialtais agus LMEPanna ábhartha chun freastal ar riachtanas Music Generation maidir le foireann oibre a bheith ann ag a bhfuil na scileanna cuí thar réimse ról ealaíne/bainistíochta, ceoltóra, agus riaracháin/tacaíochta chun forbairt amach anseo a chothú</li> <li>Oibriú le Daonchairde, leis an Rialtas agus le LMEPanna, trí chomhpháirtíocht phoiblí-príobháideach, chun leanúint le sruthanna maoinithe inbhuanaithe fadtéarmacha a bhaint amach</li> <li>Oibriú go héifeachtach le LMEPanna nua agus le LMEPanna atá ann cheana trí fhreagairt go straitéiseach ar bhealach comhordaithe d'fhorbairt fadtéarmach agus do riachtanais inbhuanaitheachta</li> <li>Cur le heolas an phobail ar an tionchar atá ag Music Generation</li> <li>Cur le hobair LMEPanna agus í a chur chun cinn</li> <li>Guth na hóige a chumhachtú trí ardán a chur ar fáil d'abhcóideacht leanaí/daoine óga maidir le hoideachas i seinm an cheoil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Teagmháil coinnithe le DES maidir le cúrsaí i leith na foirne oibre a chur chun cinn</li> <li>Trí theagmháil leanúnach a dhéanamh le DES, forbraíodh plean feidhmithe maidir le Music Generation a leathadh ar fud na tíre faoi 2022</li> <li>Teagmháil coinnithe leis an gComhairle Ealaíon maidir le comhpháirtíocht nua trí bliana a chur i bhfeidhm</li> <li>Cinntíodh 50% d'ioncam meaitseála LMEP a thiomsú</li> <li>Leanadh de chlár tacaíochta a chur i bhfeidhm chun LMEPanna nua a chur ar bun</li> <li>Leanadh de thacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do LMEPanna maidir le pleananna straitéiseacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm; cuireadh ar chumas LMEPanna teacht a bheith acu ar infheistíocht bhreise tríd an gCiste<sup>1</sup> Cruthaitheachta agus Comhoibrithe chun tacú le clár a fhorbairt</li> <li>Leanadh de dheiseanna Lónra Gairmiúil Foghlama a thacú ar fud LMEPanna ina ndírítear ar fhoghlaim a roinnt agus an dea-chleachtas a chur chun cinn</li> <li>Plean straitéiseach cumarsáide do Music Generation curtha le chéile agus curtha i bhfeidhm atá leagtha amach chun feasacht an phobail a mhéadú agus clú a fhorbairt i measc dreamanna spéise barrthábhachtach trí PR spriocdhírithé agus margaíocht ar fud réimse éagsúil cainéal</li> <li>Scéal agus tionchar Music Generation taifeadta agus roinnte chun tacú leis na tosaíochtaí straitéiseacha d'fhás, inbhuanaitheacht agus ardchaighdeán</li> <li>Leanadh d'fhorbairt a dhéanamh ar an gClár Young Ambassadors go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí bheo-léiriú agus trí ardáin dhigiteacha</li> <li>Chuathas i bhfeidhm ar dhearcadh an phobail i ndáil leis an luach agus an tionchar atá ag an oideachas i seinm an cheoil trí ardán a chruthú do leanaí agus daoine óga chun a scéal Music Generation féin a insint ina bhfocal féin</li> </ul>

<sup>1</sup> Cómhainithe trí infheistíocht na Comhairle Ealaíon, daonchairdis agus DES



Tosaíocht Straitéiseach 3: CÁILÍOCHT		Gníomhaíochtaí maidir leis an bPlean Feidhmithe 2019
Sprioc	Gníomhartha	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Oibriú leis na comhpháirtithe go léir laistigh de Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla Music Generation leis an gcáilíocht is airde taithí a bhaint amach do leanaí/daoine óga san oideachas i seinm an cheoil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cultúr láidir maidir le foghlaim comhroinnte a chothú ar fud Líonra LMEP Music Generation trí: <ul style="list-style-type: none"> <li>Tacaíocht a thabhairt do LMEPanna chun ardchaighdeán ealaíne agus oideachais a fhorbairt, a chur in iúl, agus a chothabháil sa phleanáil straitéiseach a dhéanann siad maidir leis an oideachas i seinm an cheoil</li> <li>Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil agus i líonraí foghlama do cheoltóirí chun tacú lena gcaidreamh le cur chuige nuálach agus bealaí nua smaointeoireachta maidir le hobair ó thaobh an oideachais i seinm an cheoil</li> <li>Leantar d'infheistíocht a dhéanamh i Líonra an Oifigigh Forbartha/an Chomhordaitheora Ceoil, ag neartú a gcuid feidhmeanna mar fhóram forbartha gairmiúil cumhachtaithe chun tacaíocht a thabhairt don phríomhról ceannaireachta seo</li> <li>Leantar d'infheistíocht a dhéanamh sa taighde le fócas ar cháilíocht a chur in iúl agus sárchleachtas a roinnt ar fud na héagsúlachta maidir leis an oideachas i seinm an cheoil</li> <li>Fóraim éagsúla a chomhordú chun foghlaim/malartú eolais a éascú laistigh de MEPanna, idir MEPanna atá ann cheana agus MEPanna nua</li> </ul> </li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bunaíodh Aonad Tacaíochta &amp; Forbartha Cáilíochta in Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation</li> <li>Tugadh Creat Cáilíochta a fhorbairt do Music Generation chun críche agus cuireadh tús lena chur i bhfeidhm</li> <li>Cuireadh tús trí chur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta agus laethanta oiliúna oideolaíochta a thionscnamh</li> <li>Reáchtáladh agus seachadadh cruinnithe ráithiúla Líonra Ceannaireachta, lena n-áirítear cruinniú bliantúil cónaitheach dhá lá.</li> <li>Sraith Straitéisí um Chreat Cáilíochta a ndeachaigh taighde <i>Possible Selves in Music</i> i bhfeidhm air</li> <li>Forbartha agus comhtháite trí phróisis Athbhreithnithe Chreat Cáilíochta a thionscnamh</li> </ul>

### 3. Tionchar

Leagann an t-eolas a leanas an tionchar a bhí ag obair Music Generation le linn na bliana 2019 (lena n-áirítear 5 cheantar bhreise a thug a gcéad bhliain iomlán cláir chun críche in 2019);

#### SROICH & RANNPHÁIRTÍOCHT

- **67,053** leanbh agus duine óg rannpháirteach i dteagasc an cheoil, leanaí nach mbeadh an rogha sin acu teacht ar cheol ná a bheith páirteach ann murach sin
- **393** deis fostaíochta Oideachasóir Ceoil
- Teagasc ar fáil in **1,032** ionad
- **17** Bhanc Uirlisí
- Cuireadh **79,860** uair an chloig teagaisc ar fáil
- Cuireadh **208** clár difriúil ar fáil ar fud na seánraí ceoil go léir
- **13,842** uirlis ceoil do cheoltóirí óga.

#### SCÉALTA MAIDIR LE TIONCHAR



- **Téaduirlisí Bhaile Átha Cliath Theas:** Thugamar cuairt ar dhaltáí agus ar fhoireann Scoil Náisiúnta Naomh Rónán, Ráth an Deagánaigh, a bhíonn i gcomhpháirtíocht le Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas chun clár téaduirlisí a chur ar fáil do rang a 3 go rang a 6. Insíonn siad a scéal féin ina bhfocail féin san fhíseán seo. [Féach ar líne](#)
- **Elevation Wicklow:** Tháinig 13 duine óg le chéile mar chuid de Thionscadal Wicklow Elevation Music Generation agus chaith 14 sheachtain in 2019 ag dul i mbun comhoibrithe, ag cumadh láithreach agus ag cur píosaí ceoil le chéile mar ghrúpa. Tugadh tacaíocht don tionscadal tríd an gCiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe. [Féach ar an bhfíseán](#)
- **Taithí na n-alumnas:** Chaith an t-amhránaí, cumadóir amhrán agus ceoltóir Amy Barrett tráthnóna linn i mí Feabhra, rinne sí an tábhacht a bhaineann leis an gceol a phlé agus mar a chuidigh Music Generation léi agus í ar aistear an cheoil. [Féach ar an bhfíseán](#)
- **Ionad Ceoil Laoise:** Thug RTÉ Nationwide cuairt ar Laois chun níos mó a fhoghlaim faoi na pobail ceoil atá ag eascirt ó a bheith i gcomhpháirtíocht agus rannpháirteach le Music Generation Laoise agus Scoil Ceoil Laoise. [Féach ar an bhfíseán](#)
- **Comhpháirtíocht i mbun gnímh:** Bíonn Music Generation ag obair i gcomhar le cheithre Ionad éagsúla i gCo. an Chláir trí sholáthar Youthreach, ag tabhairt deis do dhaoine óga a bheith

rannpháirteach i gceol cruthaitheach agus amhráin chruthaitheacha a chumadh chomh maith le bheith páirteach i dtaispeántais chruthaitheacha. [Éist lena gcuid scéalta](#)

- **Tionchar na gceoltóirí:** Déanann níos mó ná 350 ceoltóir teagasc ceoil a phleanáil agus a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn mar chuid de chlár Music Generation. Shuíomar síos le roinnt den fhoireann chun a fháil amach céard a spreagann iad mar oideachasóirí ceoil. [Éist lena gcuid scéalta](#)

## YOUNG AMBASSADORS

Cuireann Clár Young Ambassadors Music Generation deiseanna ar fáil do cheoltóirí óga gach bliain le tabhairt faoi stáitsí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireadh ardáin nua ar fáil in 2019 agus leathnaíodh na deiseanna seo do na scórtha eile leanaí agus daoine óga:



- **Eanáir:** Tugadh cuireadh do chór de cheoltóirí óga ó Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas a saothar ceoil féin a thaibhiú ag comhdháil ‘Global Ireland 2025: Making it Happen’ ag Caisleán Bhaile Átha Cliath. [Léigh Tuilleadh](#)
- **Aibreán:** Rinne amhránaithe ó Chóir Fhéile Singfest Music Generation Uíbh Fhailí / na hIarmhí ionadaíocht ar Music Generation mar Ambasadóirí Óga ag dara Lá Náisiúnta na gCeoltóirí. [Léigh Tuilleadh](#)
- **Meán Fómhair:** Tugadh cuireadh do ghrúpaí traidisiúnta pobail Cheatharlach Reilig agus ReelÓg dul i mbun taibhithe ar stáitse na Roinne Oideachais agus Scileanna ag an 88ú Craobh Treabhdóireachta Náisiúnta i bhFionnmhach, Contae Cheatharlach. [Léigh Tuilleadh](#)
- **Samhain:** Thug fliúiteadóirí óga ó Uíbh Fhailí/ an Iarmhí agus Dún Laoghaire - Rath an Dúin faoin stáitse in éindí le Ceolfhoireann RTÉ ag an gCeoláras Náisiúnta chun 80 bliain ó rugadh Sir James Galway a cheiliúradh. [Léigh Tuilleadh](#)
- **Samhain:** Thug cúigear ceoltóirí rap ó Chathair Chorcaí taispeántas iontach dá gcuid amhrán féin ag imeacht ‘Child Talks’ ag Oifig an Ombudsman do Leanaí ag Caisleán Bhaile Átha Cliath. [Léigh Tuilleadh](#)
- **Nollaig:** Déanadh stáitsí d’oifigí na Roinne Oideachais agus Scileanna i mBaile Átha Luain, i mBaile Átha Cliath agus sa Tulach Mhór do Young Ambassadors Music Generation le linn chéad Sheachtain Nuálaíochta riamh na Seirbhíse Poiblí. [Léigh Tuilleadh](#)

## NUAHT AGUS BUAICPHOINTÍ AN CHLÁIR

D'fhógair Music Generation an 13 Bealtaine 2019 an chéad chúig cheantar a bhí ag cur tús lena rannpháirtíocht le Music Generation mar chuid den chéim Music Generation a leathadh amach ar fud na tíre. Dá bharr sin, tá go leor leanaí agus daoine óga eile i gCiarraí, i gCill Dara, sa Longfort, sa Mhí agus i dTiobraid Árann a bhfuil a bhfuil teacht anois acu ar ranganna ina bpobal féin. [Léigh tuilleadh](#)

*“Is cúis mhór mórtais don bhanna é gach cloch mhíle a sroichte ar an aistear seo chomh maith le gach duine a d’oibrigh chomh crua len é a thabhairt chun fíre.”*

- The Edge, U2



- Chuir baile na Buiríse, i gContae Cheatharlach fáilte roimh 100+ ceoltóir óg agus ceoltóir gairmiúil don chúigiú Féile bhliantúil **‘Music @ Mount Leinster’** de cheol traidisiúnta na hÉireann, le tacaíocht ón gCiste Cruthaitheachta & Comhoibrithe. [Clúdach sna meáin](#)
- Tháinig ionadaithe ó na LMEPanna a bhfuil ríthábhacht náisiúnta ag baint leo maidir le forbairt leanúnach Music Generation le chéile sa Roinn Oideachais agus Scileanna an 10 Aibreán chun tábhacht na comhpháirtíochta a phlé ag **Fóram Líonraithe agus Comhroinnte Eolais LMEP**. [Léigh Tuilleadh](#)
- Ar feadh trí lá i mí an Mheithimh thug ceoltóirí óga i gCathair Chorcaí faoin stáitse mór ceoil ag Seafest, an ceiliúradh muirí teaghlaigh saor in aisce is mó sa tír. I measc na dtaispeántas bhí taibhithe ó amhránaithe rap, ceoltóirí hip-hop, racghrúpaí agus popghrúpaí, ceoltóirí ceoil traidisiúnta agus eile. [Léigh Tuilleadh](#)
- Bhí an-ionadaíocht ag Music Generation ag **Fleadh Cheoil na hÉireann** don chúigiú bliain as a chéile, agus áiríodh air sin sliotán sa Gig Rig i mbaile Dhroichead Átha chun ardán a thabhairt do sheacht ngrúpa ó chúig chontae éagsúla. [Léigh Tuilleadh](#)
- Ba mhór an onóir é do cheoltóirí óga as Ceatharlach, Laois, Cill Mhantáin agus Loch Garman tabhairt faoi cheolchoirm idirnáisiúnta eisiach i mí Dheireadh Fómhair mar chuid de **Sitges Live 2019**, féile traschultúrtha de cheol na hÉireann agus ceol na Catalóine. [Léigh Tuilleadh](#)
- Ba iontach an rud é **Brass Off 2019** nuair a tháinig 120 ceoltóir gaothuirlice, uirlise práis agus cnaguirlisí le chéile ar feadh trí lá diana ach taitneamhacha, iad ag foghlaim, ag roinnt agus ag seinm le hAoi Bhanna agus Stiúrthóir Ealaíne idirnáisiúnta i gCathair Phort Láirge. [Féach ar an bhfíseán](#)
- Tagann ceoltóirí cruite agus na bpíopaí le chéile do **Tionól**, a bhíonn á óstáil ag Music Generation Laoise gach bliain i mí na Samhna. Ba í seo an ceathrú bliain as a chéile a reáchtáladh an t-imeacht

atá anois bunaithe mar imeacht lena mbaineann éagsúlacht agus brí a chuirfeadh féile i gcuimhne duit, ina mbíonn ealaíontóirí idirnáisiúnta, lucht gairme ina n-aíonna agus taibhithe beo mar chuid di. [Féach ar an bhFíseán](#)

## 4. Rialachas

**4.1** Tá próisis oibriúcháin agus rialachais i bhfeidhm ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC) Music Generation lena chinntiú go bhfeidhmíonn Music Generation DAC ar bhealach oscailte agus trédhearcach agus go gcomhlíonann sé a fhreagrachtaí reachtúla / dlí agus le hoibleagáidí rialachais a chuid maoinitheoirí agus deontóirí ar fad.

Táimid faoi rialú Bunreachta agus tá ár mBord Stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothabháil, lena n-áirítear cloí le Cód Rialachais Carthanais an Rialálaí Carthanas.

Glacann Music Generation DAC na dlíthe agus na ceanglais rialála a leanas san áireamh:

- An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (2017)
- An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 (Leanaí agus Daoine Soghonta), (an tOrdú um Thosach Feidhme), 2016
- Reachtaíocht maidir le Fostaíocht
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988, 2003 (Leasú) agus 2018 agus Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an AE ('GDPR') 2018
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus Rialacháin a bhfuil Feidhm Ghinearálta Acu 2007
- Treoirlínte maidir le Soláthar Poiblí
- Riachtanais tuairiscithe ioncam
- Cód Rialachais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016
- An tAcht Carthanas, 2009 agus riachtanais tuairiscithe an Rialálaí Carthanas
- An tAcht um Brústocaireacht 2015
- Achtanna na gCuideachtaí agus riachtanais tuairiscithe na hOifige um Chlárú Cuideachta.

**4.2** Tá córas éifeachtach bainistíochta airgeadais, comhlíonadh agus tuairiscithe i bhfeidhm. Áirítear orthu seo:

- Monatóireacht ar thuairiscí airgeadais ag cruinnithe rialta bainistíochta
- Cuireadh cuntais bainistíochta faoi bhráid Bhord Music Generation gach ráithe lena gceadú

- Cuireadh tuairisc ar ioncam agus ar chaiteachas faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna uair sa ráithe
- Tugadh an Iniúchóireacht ar ráitis airgeadais na bliana 2019 chun críche. Is ar Bhord na Stiúrthóirí a bhí an fhreagracht cuntais chríochnúla na cuideachta don bhliain 2019 a ullmhú
- Comhlíonadh maidir le gach nós imeachta cuí a bhaineann le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus caidreamh le tríú páirtí
- Comhlíonann Music Generation gach dualgas faoin dlí maidir le cúrsaí cánach
- Cloí leis na Cóid Iompair ábhartha Gnó maidir le fostaithe
- Athbhreithniú bliantúil ar phríomhpholasaithe na cuideachta.

**4.3** Comhlíonadh na coinníollacha ar fad maidir le cúrsaí rialachais arna leagan síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna:

- Tugann Music Generation straitéisí náisiúnta ábhartha, polasaithe an Rialtais agus an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ar aird
- Cuireadh pleananna oibre bliantúla agus tuairiscí bliantúla a ullmhaíodh don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi bhráid i mí Feabhra 2019
- Cuireadh cuntais ioncaim agus caiteachais, arna n-iniúchadh, ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna
- Leagtar príomhbhearta oibre agus príomhspriocanna Music Generation amach sa Phlean Straitéise agus tá siad ag teacht le tosaíochtaí an Rialtais agus le Ráiteas Straitéise na Roinne.



## 5. Comhpháirtithe Maoinithe

Tá Music Generation thar a bheith mórtasach tacaíocht a bheith acu ó:

### Príomhdheontóirí Daonchairdis

**U2**



**BANK OF AMERICA** 


### Comhpháirtí an Chláir



### Lucht Maoinithe



An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills



Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil  
Áitiúla

**Aguisín A – Comhaltas agus freastal ar Chruinnithe Boird sa bhliain 2019**

	07-Fea	08 -Már	04-Aib	29-Bea	02-DF	17-Nol
An tUasal Leo Blennerhassett	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Dr Clíona Doris	✓	✓	✓	✓		
An tUasal Bill Whelan			✓	✓		
An tUasal Martin Drury		✓	✓	✓		✓
An tUasal Pat Burke	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An tUasal James Morris	✓	✓	✓		✓	✓
Deirdre McCrea Uasal	✓	✓	✓	✓		✓
Chantal O'Sullivan Uasal					✓	✓
An tUasal David Leahy	✓		✓	✓		✓
Anna Marie Delaney Uasal				✓	✓	
An tUasal John Kelly					✓	✓
An tUasal Mel Mercier						✓

**Aguisín B - Costais a íocadh le Comhaltaí an Bhoird i rith na bliana 2019**

Níor íocadh táillí Stiúrthóirí le Baill an Bhoird in 2019.

Áirítear sna figiúirí thíos costais Chomhaltaí an Bhoird maidir le freastal ar imeachtaí Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil Áitiúla agus le freastal ar chruinnithe an Bhoird.

	€
Leo Blennerhassett	-
Pat Burke	-
Anna Marie Delaney	-
Clíona Doris	-
Martin Drury	-
John Kelly	-
David Leahy	989.59
Deirdre McCrea	-
Mel Mercier	-
James Morris	-
Chantal O'Sullivan	-
Bill Whelan	-